

TEACHT AR AN LUATHSCRÍBHINN CHÚIRTE–DÚNADH AN DORAIS CHÚIL

DÁITHÍ MAC CÁRTHAIGH*

Faoi réir an Achte um Shaoráil Fáisnéise, 1997, dlítear don phearsa teacht a bheith aici ar thaifead de chuid comhlachtaí poiblí áirithe faoi réir na n-eisceachtaí agus na ndíolúintí a leagtar amach san Acht féin.

Go hachomair dlítear don phearsa go gcuirfí ar fáil di aon taifead ar bith a cruthaíodh ón 21ú Aibreán, 1998 i leith agus taifead a bhfuil eolas pearsanta fuithi féin ann is cuma cathain a cruthaíodh é. I gcás na fáisnéise pearsanta seo dlítear don duine go ceartófaí í seo agus/nó go dtabharfaí suas chun dáta í más gá.

Is léir gur áis nua thábhachtach is ea an tAcht seo, ní hamháin don iriseoir, ach tá na cearta seo fíor áisiúil mar fhollusú réamhchúise don té atá ag cuimhneamh ar an dlí a chur ar bhall áirithe den Stát go measa sé an fiú leis dul ar aghaidh. Tugtar an deis dó seilbh a fháil ar cháipéise inspéise gan chaingean a bheith ar bun, gan chúiseanna a thabhairt agus gan ábharthacht na gcáipéisí sin a léiriú. Is é sin muna bhfuil díolúine ag baint leis an gcáipéisíocht áirithe sin.

Ó tháinig an tAcht i bhfeidhm tá an-tóir, ar na cáipéisí a bhaineann le cúrsaí pearsanra agus fonn ar na céadta státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí súil a chaitheamh ar a gcomhad pearsanra féin, is cosúil.

I measc na dtaifead anach mbaineann an tAcht leo tá taifid chúirte. Foráiltear le halt 46(1)(a) nach mbaineann an tAcht le taifead atá i seilbh na gcúirteanna, i seilbh binse fiosrúcháin nó i seilbh binse fiannais, faoi réir na nAchtanna Cosanta, agus ar taifead iad a bhaineann le cúirt nó le binse dá leithéid nó le himeachtaí os a gcomhair.

* B.A., M.A., LL.B., B.L.

Tá eisceachtaí ann áfach maidir leis an díolúine seo inter alia taifead a bhaineann le himeachtaí poiblí os comhair cúirte nó binse dá leithéid ar taifead é nár cruthaíodh ag an gcúirt féin nó ag an mbinse féin agus nach bhfuil cosc ar a leithéid de thaifead a nochtadh don phobal i gcoitinne.

Ar na taifid seo bheadh na nótaí a bhreacfadh oifigeach Stáit a mbeadh ag freastal ar an éisteacht mar chuid dá chuid dualgas agus an comhlacht Stáit a bhfuil sé fostaithe aige mar pháirtí. Rialódh rialacha na pribhléide an gcosfaí a leithéid de thaifead a nochtadh don phobal i gcoitinne.

Ina theannta sin, ní bhaineann an tAcht le atá i seilbh an Ard-Aighne nó cruthaithe aige nó i seilbh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó cruthaithe aige sin nó taifead atá i seilbh Oifigí ceachtar acu nó cruthaithe acu (alt 46(1)(b)).

Tháinig ceist na h-athscríbhinne cúirte chun cinn i gcomhthéasc an Achta um Shaoráil Fáisnéise in *An tAire Dlí agus Cirt v. An Coimisinéir Fáisnéise*.¹

Bhain an cás le hiarratas a dhein an tUas. Patrick Rogers ar an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi réir alt 7 den Acht um Shaoráil Fáisnéise ag lorg na luathscríbhinne iomláine agus ábhair ghaolmhara sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Rose Rogers* a éisteadh sa Chúirt Choiriúil Chuarda i nDún Dealgan an 10ú Meitheamh, 1998. Is riachtanas reachtúil é faoi réir an Acht Ceartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, taifead na n-imeachtaí i gcúis choiriúil.

Diúltaíodh don iarratas a dheonú agus dhein an tUas. Rogers athchomharc inmheánach faoi alt 14 den Acht. Nuair a theip air san athchomharc lorg sé athbhreithniú ón gCoimisinéir Fáisnéise faoi Chuid IV den Acht. D'éirigh leis an Uas. Rogers san athbhreithniú agus ceadáíodh dó fáil a bheith aige ar luathscríbhinn chlóschríofa den éisteacht, ráitis finnéithe áirithe agus ráiteas Rose Rogers réamhráite ach cuid den téasc a bheith scriosta de.

¹ Neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, Finnegan Brmh., 14 Márta 2001.

Is éard a bhí sa chaingean thuas, achomharc an Aire Dlí agus Cirt i gcoinne chinneadh an Coimisinéara gur cheart na cáipéisí sin a chur ar fáil.

Is cáipéis í an luathscríbhinn a mbíonn tóir uirthi ó thráth go chéile i rith caingne sibhialta mar áis don ghearánaí nó don chosantóir. Sa chaingean chlúmhille *Chambers v. Times Newspapers Ltd.*,² lorg an cosantóir cóip den luathscríbhinn den triail choiriúil inar ciontaíodh an gearanaí os comhair na Cúirt Coiriúla Speisialta. Ba é éileamh an ghearánaí gur mhill an cosantóir a chlú trí fáisnéis bhréagach a fhoilsiú go mailíseach ina nuachtán faoi. Bhraith na cosantóirí ar fhírinniú mar chosaint agus lorg siad an athscríbhinn den triail os comhair na na Cúirt Coiriúla Speisialta ó chláráitheoir na cúirte sin agus ó chláráitheoir na Cúirte Achomhairc Choiriúil mar thaca don chosaint sin mar fhorriarratas ar fhollusú ó neamhphairtí.

Theip ar an bhforriarratas os comhair na hArd-Chúirte toisc gur dócha an cháipéisíocht a bhíodhas á lorg a bheith i seilbh an ghearánaí agus nár lorg na cosantóirí uaidh é sarar dhein siad iarratas ar fhollasú neamhphairtí. Ach má theip féin is léir ón mbreithiúnas go gceadaítear a leithéid de dhoiciméad a fháil faoi réir na bhforálacha de Rialacha na nUaschúirteanna a bhaineann le follasú, mar aon le doiciméad ábhartha ar bith eile.

Tháinig Finnegan Brmh. leis an bprionsabal sin in *An tAire Dlí agus Cirt v. An Coimisinéir Fáisnéise*³ agus phléigh na rialacha a bhain le hábhar.

Foráiltear le O. 86 rr. 14 agus 17(2) de Rialacha na nUaschúirteanna cé atá i dteideal luathscríbhinn, a rinneadh le linn trialach coiriúla, a fháil ón gCláráitheoir agus coinníollacha a bhaineann le híocaíocht lena n-aghaidh.

Is é “An Chúirt Achomhairc Choiriúil” is teideal d’Ordú 86. Foráiltear leis na rialacha sin mar a leanas

² [1999] 1 I.L.R.M. 504.

³ Neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, Finnegan Brmh., 14 Márta 2001.

(Ciallaíonn ‘an Cláráitheoir’ Cláráitheoir na Cúirte Achomhraiú Choiriúil):-

VII. Luathscríobhaí oifigiúil agus scríbhinn na nótaí

(1)Nuair a bheidh an triail thart, síneoidh an luathscríobhaí oifigiúil an nóta luathscríbhinne a rinne sé agus deimhneoidh sé é a bheith iomlán agus cruinn.

Má iarrann an Cláráitheoir é, cuirfidh an luathscríobhaí oifigiúil tuarascáil ar fáil dó ina mbeidh an nóta luathscríbhinne bunaidh agus scríbhinn d’iomlán an nóta sin nó de cibé cuid de a bheidh ag teastáil.

Sula gcuirfidh sé a thuarascáil ar fáil don Chláráitheoir, déanfaidh an luathscríobhaí oifigiúil an scríbhinn a chur faoi bhráid Bhreitheamh na Cúirte trialach lena deimhniú.

Féadfaidh páirtí ar leas leis achomharc nó iarratas ar chead achomhairc cóip a fháil ón gCláráitheoir den scríbhinn d’iomlán an nóta luathscríbhinne sin nó d’aon chuid de a bhaineann leis an achomharc nó leis an iarratas ach na táillí cuí a íoc.

Féadfaidh an luathscríobhaí oifigiúil a rinne an nóta luathscríbhinne nó duine inniúil eile an scríbhinn a dhéanamh.

Déanfar an scríbhinn a chlósscríobh agus deimhneoidh an duine a bheidh á dhéanamh gur scríbhinn chruinn iomlán í d’iomlán an nóta luathscríbhinne a rinne an luathscríobhaí oifigiúil nó de cibé cuid de a bheidh ag teastáil.

I dtuarascáil an luathscríobhaí oifigiúil gheofar an fhianaise, aon agóid a fuarthas le linn na fianaise, aon ráiteas ón bpriosúnach, an coimriú agus pianbhreith Bhreitheamh na Cúirte trialach, ach, muna n-órdóidh an Breitheamh sin a mhalairt, ní bheidh aon chuid d'óráidí an abhcóide nó an aturnae le fáil sa tuarascáil sin.

17. (1) Aon uair tar éis fógra achomhairc nó fógra iarratais ar chead achomhairc a sheirbheáil, féadfaidh achomharcóir nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó an t-aturnae nó an duine eile ag feidhmiú do cheachtar acu, cóipeanna d'aon doiciméid nó foilseáin ina sheilbh a fháil ón gCláraitheoir chun críocha an achomhairc nó an iarratais sin. Cuirfidh an Cláraitheoir na cóipeanna sin ar fáil ar na táillí cuí.

Déanfaidh an Cláraitheoir scríbhinn de na nótaí luathscríbhinne a rinneadh de na himeachtaí ag triail achomharcóra a sholáthar saor in aisce:

d'achomharcóir a mbeidh deimhniú (achomharc) cúnaimh dhlíthiúil deonaithe dó, agus

d'aon achomharcóir eile le hordú ón gCúirt [Achomhairc Choiriúil].

Má theastaíonn ó achomharcóir nach mbeidh ionadaíocht dhlíthiúil aige nó a mbeidh deimhniú (achomhairc) cúnaimh dhlíthiúil deonaithe dó cóip d'aon doiciméad nó foilseán atá ina choimeád ag an gCláraitheoir a fháil uaidh chun críocha a achomhairc, féadfaidh sé

í a fháil má mheasann an Cláráitheoir gur cuí é a sholáthar dó agus sa chás sin gheobhaidh sé saor in aisce í.

Folaíonn ‘foilseáin’ gach leabhar, páipéar agus doiciméad, agus gach maoin, ábhar agus ní eile d’aon sórt atá bainteach leis na himeachtaí i gcoinne aon duine a bhfuil teideal aige nó a dtiocfadh dó údarás a bheith aige achomharc a dhéanamh, má bhíonn na foilseáin sin curtha ar aghaidh chuig an gCúirt trialach tar éis an duine cúisithe sin a bheith cimithe chun trialach, nó tar éis na foilseáin a bheith tugtha ar aird agus úsáidte i bhfianaise le linn trialach duine atá i dteideal nó a bhfuil údarás aige achomharc a dhéanamh, nó le linn aon imeachtaí eile a bheith ar súil ina leith, mar aon le haon ráiteas scríofa a thabharfaidh an duine sin ar lámh do Bhreitheamh na Cúirte trialach, ach ní fholóidh siad na teistíochtaí bunaidh ó fhinnéithe a ceistíodh os comhair an bhreithimh chimiúcháin ná aon díotáil i gcoinne aon duine den sórt sin ná aon phléadáil a comhdaíodh sa chúirt trialach. (O.86 r.1)

Ó tharla an luathscríobhaí a bheith ceaptha ag an gCúirt tríd an tSeirbhís Chúirteanna, dar le Finnegan Brmh., ba idir an gCúirt agus an luathscríobhaí oifigiúil a bhí an gaol ábhartha go heisiach, agus ba thrí Chláráitheoir na Cúirte a chuirfí aon chóip den luathscríbhinn ar fáil do na pearsain a áirítear sna forálacha thuas.

Ar an ábhar sin ba dhoiciméad é an luathscríbhinn a cruthaíodh ag an gCúirt agus ní raibh sí san áireamh sna heiseachtaí in alt 46(1)(a) den Acht thuasluaite.

Ina theannta sin, d’fhorléirigh Finnegan Brmh. na forálacha thuas de Rialacha na nUaschúirteanna mar chosc intuigthe ar an luathscríbhinn a chur ar fáil d’aon phearsa

nach dtagraítear di iontu seachas de thoradh ordaithe ar fhollasú faoi réir O.31 r.29:-

Aon duine nach páirtí sa chúis nó san ábhar a bheith os comhair na Cúirte agus a dhealraíonn don Chúirt gur dócha go bhfuil nó go raibh ina sheilbh, ina choimeád nó faoina urlámhas aon doiciméid atá ábhartha maidir le saincheist a éiríonn nó ar dóigh di éirí as an gcúis nó as an ábhar nó atá, nó ar dóigh dó a bheith, in ann fianaise ábhartha a thabhairt maidir le haon saincheist den sórt sin féadfar le cead ón gCúirt ar iarratas ó aon pháirtí sa chúis nó san ábhar sin, a ordú dó le hordú ón gCúirt...follasú na ndoiciméad sin a dhéanamh nó iniúchadh na ndoiciméad sin a cheadú...

Ar ndóigh is faoin rialail sin a lorg na cosantóirí i *Chambers v. Times Newspapers Ltd.*⁴ go ndéanfaí follasú de luathscríbhinn cúise coiriúla.

I gcás sibhialta is é an páirtí a dhéanann an t-iarratas chun an Bhreithimh trialach go ndéanfaí luathscríobhaí tuairisc ar na himeachtaí a íocann luach saothair an luathscríobhaí a cheapann an Breitheamh, muna n-ordaíonn an Breitheamh a mhalairt. Sa chás sin, áirítear luach saothair an luathscríobhaí mar chuid de chostais na cúise, má tá an Breitheamh trialach den tuairim go raibh sé fóirsteanach na himeachtaí a thuirsciú amhlaidh (O. 123 rr. 1-3).

Sa chás sin is idir an luathscríobhaí agus an duine a íocann a luach saothair atá an gaol ábhartha agus is féidir a rá gur taifead é nár chruthaigh an Chúirt, cé gur gá ordú cúirte go gcruthófaí é agus go rialaíonn Rialacha na nUaschúirteanna gnéithe áirithe a bhaineann leis: cé a íocfaidh luach a shaothair leis an luathscríobhaí, m.sh.

⁴ [1999] 1 I.L.R.M. 504.

Fágann sé sin an cheist an gcosctar a leithéid a nochtadh don phobal i gcoitinne. In *An tAire Dlí agus Cirt v. An Coimisinéir Fáisnéise*⁵ thuasluaite, d'fhorléirigh Finnegan Brmh. na forálacha de Rialacha na nUaschúrteanna a shonraigh cé dó agus conas ar chuirfí luathscríbhinn trialach coiriúil ar fáil mar chosc intuigthe ar an luathscríbhinn a chur ar fáil d'aon phearsa nach dtagraítear di iontu.

Foráiltear le O.124, r.4 mar a leanas:-

4. Beidh de chumhacht ag an mBreitheamh, i gcúrsa na trialach nó na héisteachta nó ar í a chríochnú, a ordú go dtabharfar dó ar chostas an phobail, nó go dtabharfar d'aon pháirtí a iarrfaidh iad ar chostas an pháirtí sin, cóipeanna d'athscríbhinn na fianaise a rinne an luathscríobhaí nó d'aon chuid di.

Ó tharla a leithéid a bheith sonraithe in O.123 r. 4, is féidir an cosc intuigthe, ar cóip d'athscríbhinn na fianaise a chur ar fáil ar an tslí eile seachas le toiliú na Cúirte i gceist, a léamh isteach anseo chomh maith.

Maidir leis na ráitis finnétithe agus ráiteas Rose Rogers ba chuid den bailiúchán cáipéisí iad ris a ráitear “leabhar na fianaise”. Is an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a bhailíonn le chéile iad. Ní gá faoi réir alt 2 den Acht um Shaoráil Fáisnéise do “thairfead” bheith ina dhoiciméad nua-chruthaithe le bheith ina “thairfead” chun críocha an Achta agus dá bhrí sin is tairfead é atá i seilbh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó ceaptha aige.

Rialaigh Finneagan Brmh. fiú muna raibh ráiteas Rose Rogers mar chuid de leabhar na fianaise ná tháinig sé faoin gcéad eisceacht a pléadh thuas faoi alt 46(1)(a) toisc é a bheith faoi chúram an Bhreithimh trialach faoi réir alt 65 den Acht Oifigh Cúirte, 1926 rud a chruthaigh cosc intuigthe eile ar é a nochtadh don phobal i gcoitinne, cé gur ceadmhach

⁵ Neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, Finnegan Brmh., 14 Márta 2001.

don bhritheamh trialach a leithéid a dhéanamh dá mba thoil leis:-

65.(3) Gach cruthúnas agus gach scríbhinn agus páipear eile a lóisteálfar in aon chúirt nó a sínfar isteach chúichi i dtaobh nó le linn éisteacht aon chúise dlí nó ní, cimeádfar iad i seilbh nó fé ordú agus fé dheighleáil an bhreithimh nó sinsir na mbreithiún ag á mbeidh nó gur ina láthair a bheidh an chúis nó an ní sin á éisteacht.

Agus faoin eisceacht a chruthaítear in alt 46(1)(b) mar thaifead atá i seilbh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó cruthaithe aige, níor cheadaigh Finnegan Brmh. iad a chur ar fáil faoi réir an Achta um Shaoráil Fáisnéise, 1997.

Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh duine nó comhacht ar bith leabhar fianaise de chuid trialach coiriúla a fháil faoin Acht um Shaoráil Fáisnéise gan chaingean a bheith ar bun, gan chúiseanna a thabhairt agus gan ábharthacht na gcáipéisí sin a léiriú, agus cosctar a leithéid i gcás luathscríbhinne i gcúis choiriúil agus i gcúis shibhialta.

Maidir le ceart pearsan nach raibh páirteach i gcaingean agus a mbeadh ceart aici a léithead de thaifid a fháil de thoradh ordaithe ar fhollasú agus an scéal amhlaidh phléigh Finnegan Brmh. leis an doras cúil a bhíodhas ag iarraidh dul tríd ag baint leasa ag na cearta faoin Acht um Shaoráil Fáisnéise, agus dhún é.